| Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta | Grúpa Forbartha Cruinniú 13: 03.12.25<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **An Measúnú agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)** | D'athbhreithnigh an mheitheal dréacht-téacs maidir leis an measúnú agus leis an CMB agus d'fháiltigh siad roimh ailíniú an struchtúir le CMBanna eolaíochta eile na sraithe sinsearaí agus béim faoi leith i CMB na Fisice agus na Ceimice ó thaobh úsáidí fíorshaoil de á cinntiú ag an am céanna. Thug an mheitheal a gcuid moltaí maidir le mionleasuithe agus feabhsuithe ar an dréacht-téacs. |
| **Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal** | Mheas an mheitheal dhá chur chuige maidir leis an mbealach ina sonraítear an fhoghlaim don Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal sa tsonraíocht. Bhí comhaontú ann maidir le hidirdhealú a dhéanamh sa mheasúnú agus breac-chuntas a thabhairt ar an mbealach ina rachaidh scoláirí i ngleic leis an bhfoghlaim ag an dá leibhéal sa tsonraíocht. |
| **Dréachtsnáitheanna staidéir** | Rinne an mheitheal na dréachtsnáitheanna staidéir a athbhreithniú agus thug moltaí maidir le mionleasuithe agus leasuithe. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | An Chéad Chruinniú Eile: Dé hAoine, an 9 Eanáir 2026.<br>Rinne an Cathaoirleach Gníomhach machnamh ar obair an chruinnithe agus ghabh sé buíochas leis na baill as an méid a rinne siad. |